2024/1771

25.6.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1771 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Márta 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na mionsonraí i dtaca leis an raon feidhme agus na modhanna chun comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh ar ghrúpa gnólachtaí infheistíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(5), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun mionsonraí an raoin feidhme maidir le comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh ar ghrúpa gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033 a shonrú, is gá, de bhun Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), na naisc a chinneadh ar ar a mbonn ba cheart gnóthais seirbhísí coimhdeacha, institiúidí airgeadais, gnólachtaí infheistíochta agus gníomhairí faoi cheangal a bhaineann le gnólacht infheistíochta, cuideachta shealbhaíochta infheistíochta nó cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha shonrach, a áireamh sa raon feidhme sin.

(2) Chun éifeachtacht agus neodracht na maoirseachta a áirithiú ar bhonn comhdhlúite, is gá na critéir a leagan síos le haghaidh údarás inniúil ionas gur féidir leo a chinneadh nuair is ann do naisc idir máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí le haghaidh na ngrúpaí gnólachtaí infheistíochta uile ar fud an Aontais.

(3) Chun na naisc le haghaidh maoirseacht chomhdhlúite a chur san áireamh, ba cheart gnóthais seirbhísí coimhdeacha, institiúidí airgeadais, gnólachtaí infheistíochta agus gníomhairí faoi cheangal a áireamh faoi raon feidhme chomhdhlúthú stuamachta an mháthairghnóthais de chuid an Aontais i gcás ina mbunaítear rialú, ina bhfeidhmítear tionchar ceannasach nó ina n-aithnítear bainistiú aontaithe nó naisc chothrománacha.

(4) Chun prionsabal na comhréireachta a urramú, agus go háirithe chun éagsúlacht mhéid na ngnóthas agus scála a n-oibríochtaí a chur san áireamh, ba cheart cead a bheith ag máthairghnóthas de chuid an Aontais gnóthais bheaga a eisiamh ó raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta.

(5) De bhun Airteagal 22(2), pointe (b), de Threoir 2013/34/AE, áireofar faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta ar ghrúpa gnólachtaí infheistíochta cásanna ina ndéantar grúpeintitis ghnólachtaí infheistíochta a bhainistiú ar bhonn aontaithe. Chun a chinneadh an ndéantar na grúpeintitis sin a bhainistiú ar bhonn aontaithe, ba cheart fianaise nithiúil a bheith ag údaráis inniúla gur ann do chomhordú éifeachtach bheartais airgeadais agus oibríochta na n-eintiteas sin.

([1]) IO L 314, 5.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2033/oj.

([2]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

(6) De bhun Airteagal 22(7), pointí (a) agus (b), de Threoir 2013/34/AE, áireofar faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta ar ghrúpa gnólachtaí infheistíochta cásanna nasc cothrománach ina bhfuil gaol idir dhá eintiteas, eintitis nach fochuideachtaí a chéile iad, rud a fhágann gur féidir máthairghnóthas de chuid an Aontais a chinneadh. Sna cásanna sin, ba cheart don údarás inniúil nó, i gcás inarb infheidhme, don mhaoirseoir grúpa mar a shainítear é in Airteagal 3(1), pointe (15), de Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), an t-eintiteas a chinneadh ar cheart dó an comhdhlúthú a dhéanamh agus ról an mháthairghnóthais de chuid an Aontais a ghlacadh.

(7) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach na gceanglas stuamachta a áirithiú ar an leibhéal comhdhlúite, ba cheart comhdhlúthú iomlán na n-eintiteas uile a áirítear faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta a chur i bhfeidhm mar riail ghinearálta. I gcás ina bhfuil gaol idir dhá eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart comhdhlúthú a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 22(8) agus (9) de Threoir 2013/34/AE ('modh comhiomlánaithe').

(8) Is gá cosc a chur ar ilúsáid eilimintí is incháilithe le haghaidh ríomh cistí dílse. Mar sin de, agus an t-íoscheanglas caipitil seasta comhdhlúite le haghaidh grúpa gnólachta infheistíochta á ríomh ag máthairghnóthais de chuid an Aontais, ba cheart dóibh na híoscheanglais chaipitil sheasta aonair le haghaidh gnólachtaí infheistíochta aonair a chur le caipiteal tosaigh na n-institiúidí airgeadais sin atá faoi réir ceanglas caipitil den chineál sin, go háirithe cuideachtaí bainistíochta sócmhainní, institiúidí íocaíochta agus institiúidí ríomh-airgid.

(9) Ní ann d'fhigiúirí caiteachais comhdhlúite ó chur i bhfeidhm an chreata cuntasaíochta ábhartha i ngach cás. Mar sin de, chun an ceanglas comhdhlúite maidir le forchostais sheasta a chinneadh chun críche comhdhlúthú stuamachta, ba cheart do mháthairghnóthas de chuid an Aontais méid an chaiteachais atá ag teastáil ón ngrúpa gnólachtaí infheistíochta a ríomh trí chaiteachais an mháthairghnóthais de chuid an Aontais, caiteachas na n-eintiteas a ndéantar comhdhlúthú stuamachta orthu sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta agus costais na ngníomhairí faoi cheangal, sa chás nach n-áirítear iad i gcostais na ngnólachtaí infheistíochta, a shuimiú.

(10) D'fhéadfadh éagsúlachtaí suntasacha a bheith san fhorchostas seasta réamh-mheasta de bharr athruithe, lena n-áirítear athruithe i samhlacha gnó, nó cumaisc agus éadálacha. Is gá mar sin tairseacha oibiachtúla forchostas seasta réamh-mheasta a bhunú chun ceanglais cistí dílse a chinneadh ar bhonn forchostais sheasta.

(11) Na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí sin a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), nó gníomhaíochtaí agus seirbhísí gaolmhara, ba cheart iad a chur san áireamh chun na K-fhachtóirí comhdhlúite a ríomh, is cuma más iad na gnólachtaí infheistíochta nó eintitis eile sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta a dhéanann na gníomhaíochtaí agus seirbhísí sin. Is gá mar sin na gníomhaíochtaí agus na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6(3), pointí (a), (b)(i), agus (b)(ii) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus in Airteagal 6(4), pointí (a), (b)(i), (b)(ii), agus (b)(iii) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) a áireamh i ríomh na K-fhachtóirí comhdhlúite, gníomhaíochtaí agus seirbhísí arna ndéanamh ag aon eintiteas sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta a áirítear sa chomhdhlúthú.

([3]) Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE (IO L 314, 5.12.2019, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/2034/oj).

([4]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

([5]) Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/65/oj).

([6]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/61/oj).

(12) De réir an tsainmhínithe ar 'staid chomhdhlúite', a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (11) de Rialachán (AE) 2019/2033, tá institiúidí airgeadais ina gcuid de raon feidhme comhdhlúthaithe grúpa gnólachtaí infheistíochta. Mar sin féin, ní rannchuidíonn na gníomhaíochtaí uile a dhéanann institiúidí airgeadais éagsúla le ríomh ceanglas de réir K-fhachtóirí comhdhlúite. Is gá mar sin a shonrú cé na gníomhaíochtaí a dhéanann na hinstitiúidí airgeadais sin atá ábhartha le haghaidh K-fhachtóirí sonracha.

(13) Is gá áireamh dúbailte eilimintí is incháilithe le haghaidh ríomh cistí dílse a sheachaint. Mar sin de, ba cheart seirbhísí agus idirbhearta inghrúpa a eisiamh ó ríomh ceanglas áirithe de réir K-fhachtóirí comhdhlúite, agus go háirithe ó ríomh na K-fhachtóirí 'sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar' (K-ASA), 'orduithe cliaint arna láimhseáil' (K-COH) agus 'sreabhadh trádála laethúil' (K-DTF).

(14) Féadfaidh gnólacht infheistíochta bainistiú sócmhainní a tharmligean chuig eintiteas eile ar cuid den ghrúpa gnólachta infheistíochta céanna é. Chun áireamh dúbailte a sheachaint, is gá a shonrú conas is ceart na sócmhainní sin a chur san áireamh i méid iomlán na sócmhainní atá faoi bhainistíocht agus an K-fhachtóir comhdhlúite 'sócmhainní faoi bhainistíocht' (K-AUM) á ríomh.

(15) D'fhéadfadh airgead cliaint atá i seilbh eintiteas atá faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe eascairt as na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE nó as seirbhísí agus gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh go dleathach ag eintitis sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta. Is gá mar sin a áirithiú nach n-áirítear i ríomh an K-fhachtóra 'airgead cliaint atá ar seilbh' (CMH) airgead cliaint a d'eascair as seirbhísí agus gníomhaíochtaí seachas na seirbhísí agus gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. I bhfianaise an mhéid sin, is é ba cheart a bheith in 'airgead cliaint atá ar seilbh' (CMH) de chuid an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta suim CMH na ngrúpeintiteas uile, nach institiúidí íocaíochta ná cuideachtaí bainistíochta sócmhainní iad, a áirítear sa chomhdhlúthú.

(16) Chun comhréireacht a áirithiú agus áireamh dúbailte a sheachaint, ba cheart gníomhaíochtaí inghrúpa agus seirbhísí arna gcur san áireamh le haghaidh ríomh K-AUM de chuid grúpa gnólachtaí infheistíochta a eisiamh ó ríomh K-COH.

(17) Nuair a bhíonn eintitis de chuid grúpa gnólachtaí infheistíochta a áirítear sa chomhdhlúthú ag déileáil ar a gcuntas féin nó ag soláthar frithgheallta nó seirbhísí socrúcháin, baineann an riosca céanna leis an méid sin, is cuma más gnólachtaí infheistíochta nó institiúidí airgeadais iad na heintitis sin. Chuige sin, agus an K-fhachtóir comhdhlúite 'riosca an ghlansuímh' (K-NPR) á ríomh ag máthairghnóthais de chuid an Aontais, ba cheart dóibh na gníomhaíochtaí agus seirbhísí sin uile a chur san áireamh, ag féachaint freisin d'Airteagal 325b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), ar i gcomhréir leis sin nach gceadaítear úsáid suíomhanna in eintiteas amháin den ghrúpa chun suíomhanna in eintiteas eile den ghrúpa sin a fhritháireamh, ach amháin i gcás ina bhfuair an máthairghnóthas de chuid an Aontais cead ón údarás inniúil ábhartha.

(18) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(19) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]),

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'máthairghnóthas de chuid an Aontais' máthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, máthairchuideachta shealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais, nó máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais atá freagrach as comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh ar an ngrúpa gnólachtaí infheistíochta de bhun Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2019/2033;

(2) ciallaíonn 'eintiteas ábhartha' gnóthas seirbhísí coimhdeacha, institiúid airgeadais, gnólacht infheistíochta, nó gníomhaire faoi cheangal;

(3) ciallaíonn 'naisc chaipitiúla' úinéireacht chaipitil nó cheart vótála, bíodh sí díreach nó indíreach, de chuid gnóthais, lena n-áirítear rannpháirtíocht mar a shainmhínítear í in Airteagal 2, pointe (2), de Threoir 2013/34/AE.

Airteagal 2

Raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta

1. Áiritheoidh údaráis inniúla na heintitis ábhartha seo a leanas faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta arna dhéanamh ar mháthairghnóthas de chuid an Aontais:

(a) eintiteas ábhartha ina bhfuil tromlach chearta vótála na bpáirtithe leasmhara nó na gcomhaltaí ag an máthairghnóthas de chuid an Aontais nó ag eintiteas ábhartha eile atá sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta céanna;

(b) eintiteas ábhartha ina bhfuil an máthairghnóthas de chuid an Aontais nó eintiteas ábhartha eile atá sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta céanna:

  (i) a bhfuil an ceart aige tromlach na gcomhaltaí i gcomhlacht rialála, bainistíochta nó maoirseachta an eintitis ábhartha a cheapadh nó a chur as oifig;

  (ii) atá ina pháirtí leasmhara ann nó ina chomhalta de;

(c) eintiteas ábhartha a bhfuil sé de cheart ag an máthairghnóthas de chuid an Aontais nó ag eintiteas ábhartha eile atá sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta céanna tionchar ceannasach a fheidhmiú air de bhun:

  (i) conradh arna dhéanamh leis an eintiteas ábhartha sin:

  (ii) foráil i meabhrán nó in airteagail chomhlachais an eintitis ábhartha, is cuma más páirtí leasmhara san eintiteas ábhartha sin nó más comhalta den eintiteas ábhartha sin é an máthairghnóthas de chuid an Aontais nó an t-eintiteas ábhartha eile atá sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta céanna;

(d) eintiteas ábhartha a bhfuil an máthairghnóthas de chuid an Aontais nó eintiteas ábhartha eile atá sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta céanna ina pháirtí leasmhara ann nó ina chomhalta de, ar choinníoll go gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

  (i) tromlach chomhaltaí an chomhlachta rialála, bainistíochta nó maoirseachta de chuid an eintitis ábhartha sin a bhí in oifig le linn na bliana airgeadais reatha, le linn na bliana airgeadais roimhe sin agus go dtí go ndéantar na ráitis airgeadais chomhdhlúite a tharraingt suas, ceapadh na comhaltaí sin de thoradh fheidhmiú chearta vótála an pháirtí leasmhara nó an chomhalta, agus dá thoradh sin amháin;

  (ii) níl smacht ach ag an máthairghnóthas de chuid an Aontais nó ag eintiteas ábhartha eile sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta ar thromlach chearta vótála na bpáirtithe leasmhara nó na gcomhaltaí san eintiteas ábhartha sin, de bhun comhaontaithe le páirtithe leasmhara eile san eintiteas ábhartha sin nó le comhaltaí den eintiteas ábhartha sin.

Ní cheanglófar an coinníoll a leagtar amach i bpointe (d)(i) a chomhlíonadh i gcás ina bhfuil na cearta dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) ag gnóthas lasmuigh den ghrúpa gnólachtaí infheistíochta maidir leis an eintiteas ábhartha sin.

2. Mar aon leis na heintitis ábhartha dá dtagraítear i mír 1, cinnfidh údaráis inniúla an bhféadfar na heintitis ábhartha seo a leanas a áireamh faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta arna dhéanamh ar mháthairghnóthas de chuid an Aontais:

(a) eintiteas ábhartha a bhfuil sé de chumhacht ag an máthairghnóthas de chuid an Aontais nó ag eintiteas ábhartha eile sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta tionchar nó smacht ceannasach a fheidhmiú air, nó a bhfuil an chumhacht sin á fheidhmiú acu iarbhír, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil aon nasc caipitil ann idir na heintitis ábhartha sin;

(b) eintiteas ábhartha lena ndéantar an máthairghnóthas de chuid an Aontais nó eintiteas ábhartha eile sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta a bhainistiú in éineacht leis ar bhonn aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 4, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil naisc chaipitil ann idir na heintitis ábhartha.

3. Mar aon leis na heintitis ábhartha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, cinnfidh údarás inniúil an bhféadfar na heintitis ábhartha seo a leanas a áireamh faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta:

(a) eintiteas ábhartha, seachas eintiteas ábhartha dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2, lena ndéantar eintiteas ábhartha eile sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta a bhainistiú in éineacht leis ar bhonn aontaithe i gcomhréir le ceachtar díobh seo a leanas:

(i) conradh idir na heintitis ábhartha sin;

(ii) meabhrán nó airteagail chomhlachais na n-eintiteas ábhartha lena mbaineann;

(b) eintiteas ábhartha, seachas eintiteas ábhartha dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2 nó i mír 3 (a), ar eintiteas ábhartha é a bhfuil tromlach chomhaltaí an chomhlachta rialála, bainistíochta nó maoirseachta de chuid eintiteas ábhartha comhdhéanta de na daoine céanna ar comhaltaí iad freisin de chomhlacht rialála, bainistíochta nó maoirseachta an mháthairghnóthais de chuid an Aontais nó d'eintiteas ábhartha eile sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta, ar bhonn na ráiteas airgeadais is déanaí.

Airteagal 3

Díolúintí ó chomhdhlúthú stuamachta

1. Féadfaidh údaráis inniúla máthairghnóthas de chuid an Aontais a dhíolmhú ó chomhdhlúthú stuamachta a dhéanamh ar eintiteas ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 2 i gcás ina bhfuil suim iomlán a shócmhainní agus na míreanna lasmuigh dá chlár comhardaithe, gan sócmhainní atá á mbainistiú nó á gcoimirciú a áireamh, níos lú ná an méid is lú de na tairseacha seo a leanas:

(a) EUR 10 milliún;

(b) 1 % de mhéid iomlán na sócmhainní agus míreanna comhdhlúite lasmuigh de chlár comhardaithe an mháthairghnóthais de chuid an Aontais, gan sócmhainní faoi bhainistíocht agus sócmhainní agus míreanna lasmuigh de chlár comhardaithe an eintitis ábhartha sin a chur san áireamh.

2. Ní féidir le húdaráis inniúla an máthairghnóthas de chuid an Aontais a dhíolmhú ó chomhdhlúthú stuamachta a dhéanamh ar eintitis dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina bhfuil suim iomlán a shócmhainní agus na míreanna lasmuigh dá chlár comhardaithe, gan sócmhainní faoi bhainistíocht na n-eintiteas sin a áireamh, níos mó ná aon cheann de na tairseacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) nó (b).

3. Féadfaidh údaráis inniúla máthairghnóthas de chuid an Aontais a dhíolmhú ó chomhdhlúthú stuamachta a dhéanamh ar eintiteas ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 2 i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an t-eintiteas ábhartha lonnaithe i dtríú tír ina bhfuil baic dhlíthiúla le haistriú na faisnéise is gá chun an comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh;

(b) níl ach tábhacht dhiomaibhseach ag an eintiteas ábhartha i leith chuspóirí na maoirseachta ar an ngrúpa gnólachtaí infheistíochta;

(c) bheadh sé mí-oiriúnach nó míthreorach staid airgeadais an eintitis ábhartha a chomhdhlúthú a fhad a bhaineann le cuspóirí na maoirseachta ar an ngrúpa gnólachtaí infheistíochta.

Airteagal 4

Bainistíocht ar bhonn aontaithe

1. Chun críocha Airteagal 2(2), pointe (b), cinnfidh údarás inniúil go ndéanfar dhá eintiteas ábhartha nó níos mó a bhainistiú ar bhonn aontaithe i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) déantar beartais airgeadais agus oibríochta na n-eintiteas ábhartha lena mbaineann a chomhordú go héifeachtach;

(b) níl gaol ann idir na heintitis ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 22(1), Airteagal 22(2), pointe (a), agus Airteagal 22(7), pointe (b), de Threoir 2013/34/AE.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (a), féadfaidh údaráis inniúla na heilimintí seo a leanas go háirithe a chur san áireamh:

(a) má rialaíonn an duine nádúrtha céanna nó na daoine nádúrtha céanna, nó an gnóthas céanna nó na gnóthais chéanna, go díreach nó go hindíreach, na heintitis ábhartha lena mbaineann;

(b) má cheapann an duine nádúrtha céanna nó na daoine nádúrtha céanna, nó an gnóthas céanna nó na gnóthais chéanna, tromlach na gcomhaltaí den chomhlacht rialála, bainistíochta nó maoirseachta de chuid na n-eintiteas ábhartha sin de pháirt, agus de chuid an mháthairghnóthais de chuid an Aontais den pháirt eile, fiú i gcás nach iad na daoine céanna iad na comhaltaí sin.

Airteagal 5

Módúlacht chur i bhfeidhm Airteagal 2(3)

1. I gcás ina gceanglaítear comhdhlúthú de bhun Airteagal 2(3), beidh an t-eintiteas seo a leanas freagrach as comhdhlúthú a dhéanamh ar na heintitis ábhartha uile sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta agus as Airteagail 8 go 11 a chur i bhfeidhm:

(a) i gcás nach bhfuil ach gnólacht infheistíochta amháin ann i measc na n-eintiteas ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 2(3), is é an gnólacht infheistíochta sin a bheidh freagrach;

(b) i gcás ina bhfuil níos mó ná gnólacht infheistíochta amháin ann i measc na n-eintiteas ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 2(3), is é an gnólacht infheistíochta a bhfuil an líon is mó sócmhainní iomlána aige a bheidh freagrach.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (b), déanfaidh an gnólacht infheistíochta méid na sócmhainní iomlána a ríomh ar bhonn na ráiteas airgeadais iniúchta is deireanaí nó, i gcás nach gceanglaítear ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme, ar bhonn an ráitis airgeadais iniúchta aonair is deireanaí de chuid an ghnólachta infheistíochta.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla nó, i gcás inarb infheidhme an maoirseoir grúpa, gnólacht infheistíochta nó institiúid airgeadais sa ghrúpa a ainmniú chun bheith freagrach as an gcomhdhlúthú stuamachta a dhéanamh ar na heintitis ábhartha uile sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta agus as Airteagail 8 go 11 a chur i bhfeidhm, má tá sé de dhualgas cheana ar an eintiteas ábhartha sin na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú le haghaidh an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta.

Airteagal 6

Modh comhdhlúthaithe stuamachta

1. An máthairghnóthas de chuid an Aontais nó an t-eintiteas ábhartha arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 5, comhdhlúthóidh sé na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 (1) agus (2) i gcomhréir le hAirteagal 22 (6) de Threoir 2013/34/AE (comhdhlúthú iomlán), agus na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(3) i gcomhréir le hAirteagal 22 (8) agus (9) den Treoir sin (modh comhiomlánaithe).

2. De mhaolú ar mhír 1, maidir leis na heintitis ábhartha a chomhlíonann na critéir in Airteagal 2(3), féadfaidh an maoirseoir grúpa cead a thabhairt chun an modh comhdhlúthaithe a leagtar amach in Airteagal 22(8) agus (9) de Threoir 2013/34/AE a chur i bhfeidhm i gceann amháin nó níos mó de na heintitis ábhartha sin.

Airteagal 7

Modhanna agus mionsonraí is gá chun cistí dílse comhdhlúite leasa mionlaigh agus ionstraimí breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 a aithint

1. Caithfidh institiúidí leis na leasanna mionlaigh agus le hionstraimí breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 i gcomhréir le Cuid a Dó, Teideal II, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 34a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 ón gCoimisiún ([9]).

2. I gcás inarb é an modh comhdhlúite an ceann dá bhforáiltear in Airteagal 6(2), na leasanna mionlaigh agus na hionstraimí breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 arna n-eisiúint ag na heintitis a áirítear faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta i gcomhréir le hAirteagal 2, féadfar iad a áireamh sa chomhdhlúthú sin ar choinníoll go gcumhdaíonn na leasanna mionlaigh agus na hionstraimí breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 sin caillteanais na n-eintiteas ábhartha uile a áirítear faoi raon feidhme stuamachta an chomhdhlúthaithe.

3. I gcás inarb é an modh comhdhlúite an ceann dá bhforáiltear in Airteagal 6(2), na leasanna mionlaigh agus na hionstraimí breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 arna n-eisiúint ag na heintitis a áirítear faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta i gcomhréir le hAirteagal 2, agus ar le daoine iad seachas leis na heintitis a áirítear faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe a bhainistíonn na heintitis de bhun Airteagal 2(3), measfar iad a bheith ar fáil chun caillteanais na n-eintiteas uile a áirítear faoi raon feidhme stuamachta an chomhdhlúthaithe a chumhdach.

Airteagal 8

Comhdhlúthú ceanglas cistí dílse

1. Cistí dílse mháthairghnóthas de chuid an Aontais, nó cistí dílse eintitis ábhartha arna ainmniú mar eintiteas atá freagrach as comhdhlúthú stuamachta i gcomhréir le hAirteagal 5, beidh na cistí sin, ar bhonn comhdhlúite, comhionann leis an méid is airde díobh seo a leanas ar a laghad:

(a) méid an íoscheanglais chaipitil sheasta chomhdhlúite arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 9;

(b) méid an cheanglais maidir le forchostais sheasta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 10;

(c) méid an cheanglais de réir K-fhachtóirí arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11.

2. De mhaolú ar mhír 1, cistí dílse máthairghnóthais de chuid an Aontais nó cistí dílse eintitis ábhartha arna ainmniú mar eintiteas atá freagrach as comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5 a chomhlíonann, ar bhonn comhdhlúite, na coinníollacha chun cáiliú mar ghnólacht infheistíochta beag neamh-idirnasctha dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, beidh sna cistí sin, ar bhonn comhdhlúite, comhionann leis an méid is airde de na méideanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b) ar a laghad.

3. An máthairghnóthas de chuid an Aontais nó an t-eintiteas ábhartha arna ainmniú mar eintiteas atá freagrach as comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5, tabharfaidh sé fógra don mhaoirseoir grúpa a luaithe a thiocfaidh sé chun bheith ar an eolas nach gcomhlíonann sé nó nach gcomhlíonfaidh sé mír 1 nó mír 2 a thuilleadh, de réir mar is infheidhme.

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 241/2014 ón gCoimisiún an 7 Eanáir 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i leith ceanglais cistí dílse agus dliteanas incháilithe le haghaidh institiúidí (IO L 74, 14.3.2014, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/241/oj).

Airteagal 9

Íoscheanglas caipitil seasta comhdhlúite

1. Beidh an t-íoscheanglas caipitil seasta comhdhlúite comhionann le suim na méideanna seo a leanas:

(a) íoscheanglas caipitil seasta an mháthairghnóthais de chuid an Aontais ar an leibhéal aonair;

(b) íoscheanglas caipitil seasta, ar leibhéal aonair, na ngnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta;

(c) caipiteal tosaigh na gcuideachtaí bainistíochta sócmhainní a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta;

(d) caipiteal tosaigh na n-institiúidí airgeadais a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta;

(e) caipiteal tosaigh na n-institiúidí ríomh-airgid a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta.

2. Chun críocha mhír 1, is iad íoscheanglais chaipitil sheasta eintiteas ábhartha arna mbunú i dtríú tíortha na híoscheanglais chaipitil sheasta a mbeadh feidhm acu dá ndéanfaí na heintitis ábhartha sin a údarú san Aontas.

Airteagal 10

Ceanglas comhdhlúite maidir le forchostais sheasta

1. Déanfaidh máthairghnóthas de chuid an Aontais, nó eintiteas ábhartha arna ainmniú mar eintiteas atá freagrach as comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5, a fhorchostais sheasta a ríomh ar bhonn a fhigiúirí caiteachais comhdhlúite ar de thoradh an chreata cuntasaíochta is infheidhme ar bhonn comhdhlúite iad.

2. I gcás nach bhfuil na figiúirí caiteachais comhdhlúite ar fáil faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme, beidh na forchostais sheasta cothrom le suim na méideanna seo a leanas:

(a) caiteachais an mháthairghnóthais de chuid an Aontais, nó caiteachais an eintitis arna ainmniú mar eintiteas atá freagrach as comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5, ar an leibhéal aonair;

(b) caiteachais na n-eintiteas ábhartha ar an leibhéal aonair, a chomhdhlúthaítear i gcomhréir le hAirteagal 6.

3. Déanfaidh an máthairghnóthas de chuid an Aontais, nó an t-eintiteas ábhartha arna ainmniú mar eintiteas atá freagrach as comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5, na caiteachais sin de chuid gníomhairí comhdhlúite faoi cheangal nár áiríodh go fóill sna figiúirí caiteachais comhdhlúite sin a áireamh i bhfigiúirí caiteachais comhdhlúite an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta.

4. Cuirfidh údarás inniúil méadú nó laghdú ar ghníomhaíocht ghnó eintitis ábhartha amháin nó níos mó san áireamh faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta mar athrú ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2019/2033, i gcás ina mbeidh athrú 30 % nó níos mó ann i bhforchostais sheasta chomhdhlúite réamh-mheasta na bliana reatha mar thoradh ar an méadú nó laghdú sin.

Airteagal 11

Ceanglas comhdhlúite de réir K-fhachtóirí

1. Déanfaidh máthairghnóthas de chuid an Aontais, nó eintiteas arna ainmniú mar eintiteas atá freagrach as comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5, an ceanglas comhdhlúite de réir K-fhachtóirí a ríomh ar bhonn a staide comhdhlúite trí na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm san ord seo a leanas:

(a) déanfaidh sé na méideanna éagsúla dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a ríomh tríd an modheolaíocht a leagtar síos sna míreanna sin a úsáid;

(b) déanfaidh sé na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a) a mhéadú faoi na comhéifeachtaí comhfhreagracha le haghaidh gach K-fhachtóra, faoi mar a leagtar síos i dTábla 1 in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/2033;

(c) déanfaidh sé torthaí an ríomha dá dtagraítear i bpointe (b) a shuimiú.

2. Déanfaidh máthairghnóthas de chuid an Aontais nó eintiteas arna ainmniú mar eintiteas atá freagrach as comhdhlúthú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5, na méideanna seo a leanas de chuid an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta a ríomh mar a leanas:

(a) beidh sócmhainní faoi bhainistíocht (AUM) de chuid an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta cothrom le suim na méideanna seo a leanas:

(i) AUM na ngnólachtaí infheistíochta atá le comhdhlúthú, lena n-áirítear gnóthais tríú tír a bheadh ina ngnólachtaí infheistíochta dá ndéanfaí iad a údarú san Aontas;

(ii) AUManna sin de chuid cuideachtaí bainistíochta sócmhainní atá le comhdhlúthú, lena n-áirítear gnóthais tríú tír a bheadh ina gcuideachtaí bainistíochta sócmhainní dá ndéanfaí iad a údarú san Aontas, a bhaineann le:

(1) soláthar na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6(3), pointí (a) agus (b)(i) de Threoir 2009/65/CE;

(2) soláthar na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6(4), pointí (a) agus (b)(i) de Threoir 2011/61/AE;

(b) beidh airgead cliaint atá ar seilbh (CMH) de chuid an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta cothrom le suim CMH gach eintitis ábhartha atá le comhdhlúthú, lena n-áirítear institiúidí airgeadais nach institiúidí íocaíochta ná cuideachtaí bainistíochta sócmhainní iad;

(c) beidh na sócmhainní atá á gcoimirciú agus á riar (ASA) de chuid an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta cothrom le suim na méideanna seo a leanas:

(i) méid ASA a chomhfhreagraíonn do ASA gnólachtaí infheistíochta atá le comhdhlúthú;

(ii) méideanna ASA de chuid na gcuideachtaí bainistíochta sócmhainní sin atá le comhdhlúthú a bhaineann le:

(1) soláthar coimirce agus riaracháin sócmhainní i ndáil le haonaid ghnóthais chomhinfheistíochta a sholáthraítear i gcomhréir le hAirteagal 6(3), pointe (b)(ii), de Threoir 2009/65/CE;

(2) soláthar coimirce agus riaracháin sócmhainní i ndáil le scaireanna nó aonaid ghnóthais chomhinfheistíochta a sholáthraítear i gcomhréir le hAirteagal 6(4), pointe (b)(ii), de Threoir 2011/61/AE;

(d) beidh orduithe cliaint arna láimhseáil (COH) de chuid an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta comhionann le suim COH gach eintitis ábhartha atá le comhdhlúthú, lena n-áirítear soláthar na seirbhíse dá dtagraítear in Airteagal 6(4), pointe (b)(iii), de Threoir 2011/61/AE, ach gan idirbhearta inghrúpa a chur san áireamh;

(e) riosca an ghlansuímh (NPR) de chuid an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta faoi mar a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) 2019/2033, lena n-áirítear riosca an ghlansuímh de chuid gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais a bhíonn ag déileáil ar a gcuntas féin, ag frithghealladh ionstraimí airgeadais, nó ag cur ionstraimí airgeadais ar bhonn ceangaltais dhaingin, déanfar é a ríomh ar bhonn comhdhlúite;

(f) beidh corrlach imréitigh ar leith (CMG) de chuid an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta cothrom le suim CMG gach eintitis ábhartha aonair atá le comhdhlúthú a bhfuil cead aige K-CMG a úsáid;

(g) mainneachtain an chontrapháirtí trádála (TCD) de chuid an ghnólachta infheistíochta faoi mar a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2019/2033, lena n-áirítear mainneachtain an chontrapháirtí trádála de chuid gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí airgeadais a bhíonn ag déileáil ar a gcuntas féin, ag frithghealladh ionstraimí airgeadais, nó ag cur ionstraimí airgeadais ar bhonn ceangaltais dhaingin, déanfar é a ríomh ar bhonn comhdhlúite;

(h) beidh sreabhadh trádála laethúil (DTF) an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta cothrom le suim DTF gach gnólachta infheistíochta agus gach institiúide airgeadais a dhéanann idirbhearta ina ainm féin, ar a shon féin nó thar ceann cliaint, a fhrithgheallann ionstraimí airgeadais, nó a chuireann ionstraimí airgeadais ar bhonn ceangaltais dhaingin tar éis idirbhearta inghrúpa a eisiamh;

(i) beidh riosca comhchruinnithe (CON) an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta comhionann le luach neamhchosanta an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán 2019/2033, trína bhfaighfear teorainn an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta maidir le CON agus barrachas luach neamhchosanta an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta trí na modhanna a leagtar amach in Airteagal 37(1) agus (2) den Rialachán a úsáid faoi seach.

Chun críocha phointí (a)(ii)(1) agus (a)(ii)(2), ní áireofar in AUM ach na sócmhainní ar ina leith a sholáthraíonn na cuideachtaí bainistíochta sócmhainní sin comhairle infheistíochta maidir le hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE d'eintitis ábhartha arna gcomhdhlúthú sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta céanna.

I gcás ina dtarlaíonn tarmligean idir dhá eintiteas ábhartha sa ghrúpa gnólachtaí infheistíochta, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2019/2033 maidir le AUM a ríomh.

Chun críocha phointe (c), déanfaidh ASA méid aonair ASA na n-eintiteas ábhartha a sholáthraíonn seirbhísí inghrúpa do na hinstitiúidí airgeadais comhdhlúite a eisiamh, maille le méid ASA cuideachtaí bainistíochta sócmhainní a bhfuil baint acu le soláthar coimirce agus riaracháin sócmhainní i ndáil le méid scaireanna cothromais príobháideacha cistí infheistíochta malartacha (AIFnna).

Chun críocha phointe (d), i gcás ina n-áirítear gnólacht infheistíochta a ríomhann K-AUM i ngrúpa ina bhfuil gnólacht infheistíochta eile a láimhseálann orduithe don chéad ghnóthas infheistíochta trí na horduithe sin a ghlacadh, a tharchur agus a fhorghníomhú, ní dhéanfaidh an máthairghnóthas de chuid an Aontais, ná an t-eintiteas arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 5, K-COH a bhaineann leis na horduithe sin a rinne an chéad ghnólacht infheistíochta, orduithe a láimhseáil an dara gnólacht infheistíochta.

3. Déanfaidh máthairghnóthas de chuid an Aontais nó eintiteas arna ainmniú mar eintiteas atá freagrach as comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 5, ceanglais chomhdhlúite de réir K-fhachtóirí an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta a ríomh, lena n-áirítear na méideanna a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíochtaí gníomhairí faoi cheangal i gcás nach n-áirítear, agus a mhéid nach n-áirítear, na gníomhaíochtaí sin cheana i gceanglais chomhdhlúite de réir K-fhachtóirí de chuid an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN